Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 7 Samhain 2023
(OR. en)

14203/23

LIMITE

UD 225
ECOFIN 1048
TRANS 418

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0333 (NLE)**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Mheitheal um Cheisteanna Custaim a dhéanann difear don Iompar a mhéid a bhaineann lena Téarmaí Tagartha a leasú |

**CINNEADH (AE) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Mheitheal um Cheisteanna Custaim a dhéanann difear don Iompar a mhéid a bhaineann lena Téarmaí Tagartha a leasú**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is comhlacht í an Mheitheal um Cheisteanna Custaim a dhéanann difear don Iompar (WP.30) arna bhunú ag an gCoiste um Iompar Intíre de Choimisiún Eacnamaíochta na hEorpa.

(2) Le linn an 164ú seisiún a bheidh aici i mí Dheireadh Fómhair 2023 nó i seisiún ina dhiaidh sin, glacfaidh WP.30 leasuithe ar a Téarmaí Tagartha chun a foclaíocht a ailíniú le Téarmaí Tagartha nua an Choiste um Iompar Intíre.

(3) Is gá freisin teideal WP.30 a athrú ó bhonn chun a ról ar an leibhéal domhanda a aithint agus chun go bhféadfaidh ball nach ball de na Náisiúin Aontaithe é freastal ar chruinniú WP.30 amach anseo.

(4) Ina theannta sin, is fiú cúraimí agus ról WP.30, mar aon lena chaidreamh le heagraíochtaí idir-rialtasacha agus neamhrialtasacha a shoiléiriú.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in WP.30 a mhéid bhaineann lena ToR a leasú a bhunú, ós rud é go mbeidh Téarmaí Tagartha nua na Meithle in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais maidir le cúrsaí custaim, iompar agus trasnú teorann a éascú.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, gurb é seasamh an Aontais in WP.30 tacú leis na dréachtleasuithe atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Mheitheal um Cheisteanna Custaim a dhéanann difear don Iompar maidir lena Téarmaí Tagartha nua (WP.30), sa 64ú seisiún nó i gceann de na seisiúin ina dhiaidh sin, is é tacú leis na dréachtleasuithe ar na Téarmaí Tagartha do WP.30 atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Is é an Coimisiún a leagtar amach an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1. Ba cheart do Bhallstáit an Aontais an seasamh sin a chur in iúl nuair a dhéanfar vótáil fhoirmiúil in WP.30, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasa an Aontais.

*Airteagal 3*

Féadfaidh ionadaithe an Aontais in WP.30 teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar an seasamh a leagtar amach in Airteagal 1 gan cinneadh dá éis sin ón gComhairle.

PUBLIC

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC